European Commission

ARDÁN RANNPHÁIRTÍOCHTA NA SAORÁNACH
MAIDIR LE

hÉIFEACHTÚL ACHT FUINNIMH

Tuarascáil chomhairliúcháin deiridh - Meitheamh 2024

Make.org a rinne an anailís agus a scríobh an tuarascáil.
Open Source Politics a chuir an tArdán i bhfeidhm agus a rinne modhnóireacht air.

[redacted]

CLÁR ÁBHAIR

Achoimre Feidhmiúcháin....leathanach 3

1. Réamhrá....leathanach 4

2. Modheolaíocht....leathanach 5

3. Forbhreathnú....leathanach 6

4. Grinnanailís....leathanach 8

Feasacht.... leathanach 8
Iarfheistiú fuinnimh....leathanach 11
Trácht agus soghluaisteacht bhog.... leathanach 13
Fuinneamh in-athnuaite:.... leathanach 15
Tacaíocht agus fóirdheontais....leathanach 17
Fuinneamh glas a tháirgeadh agus a stóráil....leathanach 19
Dlúthpháirtíocht.... leathanach 19
Téamh.... leathanach 20
Soilsiú....leathanach 21
Spásanna glasa measúla....leathanach 22

5. Conclúidí....leathanach 24

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Féachaint le feabhas a chur ar rannpháirtíocht na saoránach ar shaincheisteanna Eorpacha, sheol an Coimisiún Eorpach topaic de chuid Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach, inar díríodh ar éifeachtúlacht fuinnimh. D'éascaigh an t-ardán sin, a bhí ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, plé ar líne ón 15 Feabhra 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2024, agus tionóladh painéal comhlántach saoránach ag an am céanna.

Tugtar achoimre sa tuarascáil seo ar phríomhthorthaí an phlé ar líne - rangaithe de réir 10 ngné agus 25 thopaic. Cuimsítear sna torthaí ábhartha an tábhacht a bhaineann le feasacht a mhúscailt, próisis iarfheistithe fuinnimh a shimpliú, iompar inbhuanaithe a chur chun cinn, agus tacaíocht d'fhuinneamh in-athnuaite a mhéadú. Chuir na saoránaigh gníomhaíocht chomhchoiteann, tionscnaimh oideachais, agus próisis mhaorlathacha shimplithe i dtábhacht chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.

1. RÉAMHRÁ

Le gur féidir le níos mó saoránach a bheith rannpháirteach ar an leibhéal Eorpach, chuir an Coimisiún Eorpach modhanna nua rannpháirtíochta ar fáil do shaoránaigh an Aontais. Maidir leis an topaic **éifeachtúlacht fuinnimh**, rinneadh Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach a ghníomhaíochtú chun go bhféadfaí plé comhfhreagrach a dhéanamh ar líne. Bhí an plé ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus bhí sé ar oscailt ón 15 Feabhra 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2024. I gcomhthráth leis an bplé digiteach, tionóladh **painéal saoránach** a rinne plé freisin ar éifeachtúlacht fuinnimh. Cuireadh na torthaí ar líne faoi bhráid an phainéil le linn an dara seisiún agus an tríú seisiún (an seisiún deiridh) chun na modhanna rannpháirtíochta ar líne agus as líne a nascadh.

Mar a leagtar amach thíos, is ar an ardán comhairliúcháin a bhí dírithe ar phlé leis na saoránaigh maidir le saincheist na héifeachtúlachta fuinnimh a bailíodh **273 aighneacht ó na saoránaigh,** agus **140 barúil** agus **230 formhuiniú** ag gabháil leo**.** A bhuí leis an spás rannpháirtíochta digití sin, bhí **beagnach 300 saoránach** in ann rannchuidiú leis an bpróiseas foriomlán agus, ar an gcaoi sin, cur le próiseas cinnteoireachta na hEorpa go díreach.

Bunaítear leis an tuarascáil seo an anailís deiridh ar na haighneachtaí uile, arna mbailiú agus arna n-anailísiú de réir **gnéithe** de réir na **dtopaicí saoránach is rialta** bunaithe ar na haighneachtaí.

Tríd is tríd, bhain tromlach na ndíospóireachtaí sa chomhlairliúchán seo le **cúig mhórghné**, a thug líon mór aighneachtaí le chéile: (1) feasacht a mhúscailt (i measc saoránach agus institiúidí), (2) iarfheistiú fuinnimh, (3) soghluaisteacht inbhuanaithe agus cineálacha nua soghluaisteachta, (4) fuinneamh in-athnuaite, agus (5) tacaíocht agus fóirdheontais mar ghiaráil ar thomhaltas níos freagraí.

Tabharfar achoimre sa tuarascáil seo ar an modheolaíocht anailíse sula dtabharfar forbhreathnú ar na forbairtí ar an ardán. Tá an forbhreathnú seo roinnte in uimhreacha rannpháirtíochta agus san imlíne ábhar. Tugtar anailís mhionsonraithe sa tuarascáil ansin ar gach gné trí phlé a dhéanamh ar gach topaic saoránach, lena gcuimsítear sleachta léiriúcháin ó ardán rannpháirtíochta na saoránach. Mar fhocal scoir, tabharfar achoimre sa chaibidil dheireanach ar an ábhar chomh maith le plé gearr a dhéanamh air.

2. MODHEOLAÍOCHT

Chun an t-ábhar a bhain le héifeachtúlacht fuinnimh sa phlé ar Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach a shainaithint, cuireadh modheolaíocht trí chéim i bhfeidhm. Cinntítear leis seo go ndéantar imscrúdú beacht ar aighneachtaí na saoránach maidir le topaicí éagsúla. Thairis sin, is féidir leis an modheolaíocht seo smaointe a bhailiú agus a ghrúpáil chun na príomhlínte plé a shainaithint. Trí sin a dhéanamh, baintear an chothromaíocht cheart amach idir aighneachtaí comhchosúla a ghrúpáil agus fágtar gur féidir ardleibhéal sonraí a chinntiú.

CÉIM 1. ANAILÍS CHAINNÍOCHTÚIL ar na haighneachtaí & barúlacha: Sainaithníodh príomhghnéithe na díospóireachta. Chuige sin, chuir an fhoireann anailíse cur chuige bunaithe ar théama i bhfeidhm: gach aighneacht a lipéadú le hábhair faoi seach. Dá bhrí sin, bhíothas in ann tús áite a thabhairt do smaointe a mhol na saoránaigh

CÉIM 2. ANAILÍS AR AIGHNEACHTAÍ sna gnéithe: anailís cháilíochtúil de láimh. Cuimsíodh ann grúpáil théamach ar as sin a tháinig topaicí 'saoránach' chun cinn, arna gcinneadh de réir a dtarlaithe laistigh den ghné.

CÉIM 3. BARÚLACHA AGUS FORMHUINITHE a chur san áireamh: rinneadh anailís ar gach aighneacht agus ar gach barúil (nuair a measadh go raibh siad iomchuí), agus béim ar roinnt aighneachtaí atá ábhartha chun an topaic a léiriú.

GLUAIS

- Is éard atá i gceist le h**Aighneacht** mír aonair a chomhroinneann rannpháirtí ar an ardán.
- Is éard atá i gceist le **Barúlacha** freagairtí na rannpháirtithe i scríbhinn maidir le haighneacht tosaigh. Díospóireacht arna n-oscailt le barúlacha ag tosú leis an topaic tosaigh agus ligeann do rannpháirtithe cumarsáid a dhéanamh lena chéile.
- Is éard atá i gceist le **Formhuinithe** vótaí na rannpháirtithe ar mian leo tacú le haighneacht shonrach. Ní thacaítear le roinnt aighneachtaí.
- Is éard atá i gceist le **Gnéithe** ceannlíne faoina dtugtar le cheile smaointe atá i líon mór aighneachtaí
- Is éard atá i gceist le **Topaicí Saoránach** fochatagóirí de ghné, atá comhdhéanta d'aighneacht amháin nó níos mó.

3. FORBHREATHNÚ

UIMHREACHA

Rannpháirtíocht dhomhanda, ón 15/02/24 go dtí an 31/05/2024

- **17 612** amharc leathanach
- **264** rannpháirtí
- **273** ionchur
- **140** trácht
- **230** formhuiniú

Ó cuireadh an tuarascáil eatramhach in eagar (ón 9 Aibreán 2024 ar aghaidh), tá leibhéal rannpháirtíochta i bhfad níos airde cláraithe ag an ardán, **ag a bhfuil 184 aighneacht nua agus 22 bharúil nua.** Cuireadh léargais nua leis an anailís freisin: rinneadh gné nua, *Fuinneamh in-athnuaite*, a bhrath agus anailís uirthi trí trí thopaic saoránach ghaolmhara , agus cuireadh topaic saoránach nua amháin le gach ceann de na gnéithe *Feasacht* agus *Trácht agus Soghluaisteacht*. **Ar an iomlán, cuireadh gné nua amháin agus cúig thopaic saoránach leis.**

SÚIL SCIOBTHA AR GACH GNÉ AGUS TOPAIC SAORÁNACH

Cuirtear i láthair sa tábla thíos in aon amharc amháin na gnéithe agus na topaicí saoránach uile a sainaithníodh. Sa chaibidil seo a leanas (*4. Grinnanailís*), déantar imscrúdú níos mionsonraithe ar na topaicí uile.

Taispeántar sa tábla freisin an tsuim aighneachtaí (∑) a thagann faoi gach gné chomhfhreagrach. Is mó an líon iomlán aighneachtaí in aghaidh na gné (382) ná an líon foriomlán aighneachtaí (273) ós rud é go bhféadfadh ábhar na n-aighneachtaí aonair a bheith bainteach le gnéithe iolracha ag an am céanna.

GNÉITHE	Σ	TOPAICÍ SAORÁNACH
1. FEASACHT	69	1.1 Feasacht a mhúscailt chun tomhaltas níos fearr a spreagadh
		1.2 Cruinnithe agus malartuithe a eagrú ar gach leibhéal
		1.3 Oideachas a chur ar shaoránaigh ó aois óg
		1.4 Saoránaigh a spreagadh chun a gcuid iompraíochta a athrú
		1.5 Saoránaigh a chur ar an eolas faoi na roghanna atá ar fáil dóibh
		1.6 Saoránaigh a bheith rannpháirteach
2. IARFHEISTIÚ FUINNIMH	68	2.1 Beart comhchoiteann a dhéanamh
		2.2 Próisis a shimpliú
		2.3 An comhrac in aghaidh foirgnimh atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de
3. TRÁCHT & SOGHLUAISTEACHT	61	3.1 Iompar inbhuanaithe a spreagadh
		3.2 Tacú le hiompar leictreach
		3.3 Modhanna nua iompair a chur in ionad modhanna iompair a thruaillíonn go mór
4. FUINNEAMH IN-ATHNUAITE	58	4.1 Fuinneamh níos glaise a úsáid
		4.2 Maoiniú a chur ar leataobh chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn
		4.3 Dramhaíl a athúsáid
5. TACAÍOCHT & FÓIRDHEONTAIS	53	5.1 Fóirdheontais a chur chun feidhme agus dianchaighdeáin a fhorfheidhmiú
		5.2 Cánacha chun tomhaltas níos freagraí a spreagadh
		5.3 Infheistíocht a dhéanamh chun tomhaltas fuinnimh éagsúil a spreagadh
6. TÁIRGEADH & STÓRÁIL	28	6.1 Feabhas a chur ar úsáid agus stóráil fuinnimh ghlais
7. DLÚTHPHÁIRTÍOCHT	19	7.1 An dlúthpháirtíocht a léiriú mar fhreagairt ar ghéarchéim
8. TÉAMH	11	8.1 Córais téimh a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla
		8.2 Réitigh maidir le téamh ceantair a chur chun feidhme

9. Soilsiú	10	9.1 Nósanna soilsithe a athrú
10. SPÁSANNA GLASA	5	10.1 Meas ar thírdhreacha
		10.2 Cathracha glasa

4. GRINNANAILÍS

Sa mhéid seo a leanas, déantar iniúchadh níos mionsonraithe ar na gnéithe éagsúla. Chuige sin, déantar anailís shonrach ar gach topaic saoránach, lena dtugtar gnéithe éagsúla de na haighneachtaí le chéile.

GNÉ 1: FEASACHT

Topaic Saoránach 1.1: Feasacht a mhúscailt chun tomhaltas níos fearr a spreagadh

ANAILÍS topaice

Is é an aidhm atá ann eolas a chur ar fáil chun cur ar chumas na saoránach a bheith níos feasaí faoina dtomhaltas, agus drochbhealaí tomhaltais a cháineadh. Cuimsítear sna smaointe freisin saoránaigh a spreagadh chun freagraí nua a ghlacadh ar bhonn laethúil trí iad a chur ar an eolas faoina dtomhaltas (e.g. trí mhodúil a chur ar shoicéid a léiríonn an méid fuinnimh a úsáideann siad). Ina dhiaidh sin, tá sé beartaithe drochbhealaí tomhaltais a cháineadh, chun a normalú a sheachaint (e.g. aghaidh a thabhairt ar dhoirse a bheith oscailte i siopaí sa gheimhreadh nuair a bhíonn an teas air, agus comharthaí stórais a fhágáil ar siúl san oíche, ceannach ó bhrandaí mearfhaisin).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Sonja, sé fhormhuiniú

'*Méadair tomhaltais fuinnimh a chomhtháthú i soicéid/lasca solais, ionas go gcuirfear an t-ídiú cumhachta ar aghaidh chuig aip lena gcinntear go hidéalach an costas tomhaltais go díreach, cosúil le gluaisteáin leictreacha.*'

Adela, 0 formhuiniú

'Is mian liom go ndíreofaí ar an inbhuanaitheacht éadaí. Aeráid agus an táirgeadh foriomlán mearfhaisin ar fud an domhain is cúis leis freisin.'

Topaic Saoránach 1.2: Cruinnithe agus malartuithe a eagrú ar gach leibhéal

ANAILÍS topaice

Cuimsítear sna smaointe a chomhroinntear ar an ardán cruinnithe, cainteanna agus plé a eagrú ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta agus áitiúil chun labhairt faoi shaincheisteanna a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh. Ar an gcaoi sin, chuirfí daoine ar an eolas faoi cheisteanna éiceolaíocha, faoi na rioscaí a bhaineann le tomhaltas ard fuinnimh agus faoi réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann. Is féidir é seo a dhéanamh trí thionchar na meán sóisialta a úsáid.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Mikas, aon fhormhuiniú amháin

"Tá plé ar fud an Aontais ríthábhachtach don topaic seo, ós rud é go bhfuil cogadh ar siúl san Eoraip faoi láthair."

Isabelle, aon fhormhuiniú amháin

'Tosaigh an lá seo den seisiún le héifeachtúlacht fuinnimh. Go leor eolais, malartuithe, comhroinnt idir tíortha na hEorpa, saineolaithe agus muidne - saoránaigh Eorpacha. An t-ádh atá orainn an deis seo a bheith againn, muid ar fad le chéile chun coinsias agus moráltacht a fhorbairt.'

Topaic Saoránach 1.3: Saoránaigh a chur ar an eolas ó aois óg

ANAILÍS topaice

Molann saoránaigh beart a dhéanamh i scoileanna chun feasacht a mhúscailt i measc na nglúnta níos óige, trí cheardlanna praiticiúla mar shampla. Arís ar ais, chuirfidís teachtaireachtaí chun cinn maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (e.g. trí ghníomhaíochtaí sóisialta, cláir scoile, tuismitheoirí a chur ar an eolas).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Gerald, ceithre fhormhuiniú

'Trí dhíriú ar oideachas a chur ar na glúnta óga faoi éifeachtúlacht fuinnimh, leagaimid an bhunchloch do thodhchaí níos inbhuanaithe. Ní rogha é

infheistíocht a dhéanamh in oideachas a chur ar na glúnta óg (trí mheáin shóisialta, cláir scoile, tuismitheoirí a chumhachtú, etc.) maidir le héifeachtúlacht fuinnimh; is gá sin chun todhchaí inbhuanaithe a thógáil.'

Joanna, 0 formhuiniú

'I scoileanna, ba cheart díriú ar na topaicí sin níos mó trí thionscadail phraiticiúla a mbeadh tionchar follasach acu ar an bpobal ar fad.'

Topaic Saoránach 1.4: Saoránaigh a spreagadh chun a gcuid iompraíochta a athrú

ANAILÍS topaice

Tugann roinnt saoránach le fios nach bhfuil sé réalaíoch ná leordhóthanach go laghdódh daoine an méid a ídíonn siad, agus dá bhrí sin ní mór dóibh foghlaim conas tomhaltas a dhéanamh ar bhealach éagsúil. Is é an sprioc chomhpháirteach a mhíniú agus a chur ina luí ar an bpobal nach bhfuil gá le nósanna seanbhunaithe áirithe nó nach bhfuil siad fíor-riachtanach. Is féidir éirí astu (e.g. na scáileáin uile a úsáidtear le haghaidh fógraíochta a laghdú, ollimeachtaí a laghdú ina bhfuil sluaite móra agus trealamh mór; físchomhdhálacha a chur in ionad taisteal ar ghnó nach bhfuil gá leis; iompar earraí a laghdú trí níos mó táirgí áitiúla agus séasúracha a ídiú; cianobair a spreagadh).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Laurent, ceithre fhormhuiniú

'Chun níos lú fuinnimh a ídiú, ní leor éifeachtúlacht a bhaint amach toisc go spreagann sé ídiú níos mó, agus mar sin tá eagraíocht shocheacnamaíoch nach bhfuil chomh dian céanna ar fhuinneamh de dhíth orainn, rud a laghdóidh taisteal inseachanta.'

Emmanuel, dhá fhormhuiniú

'Rud simplí chun úsáid fuinnimh earnála iomarcaí a laghdú: na scáileáin uile a úsáidtear le haghaidh fógraíochta a bhaint.'

Topaic Saoránach 1.5: Saoránaigh a chur ar an eolas faoi na roghanna atá ar fáil dóibh

ANAILÍS topaice

Thug saoránaigh le fios go bhféadfaí oideachas a chur ar a chéile agus réitigh agus tacaíocht a chur ar fáil ionas gur féidir leo roghanna a bheadh níos measúla don chomhshaol (e.g. athchúrsáil, a dtithe a insliú chun níos lú fuinnimh a ídiú) a dhéanamh.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Mirko, seacht bhformhuiniú

'Ní mór níos mó a dhéanamh chun go mbeidh sé níos tarraingtí, níos inmhianaithe agus níos áisiúla éifeachtúlacht fuinnimh a shaothrú [...] Tá gá le feachtais eolais ar an teilifís, ar na meáin shóisialta agus in imeachtaí.'

Maripaze, aon fhormhuiniú amháin

'Trí rudaí a athúsáid, laghdaítear an gá atá le táirgí nua a tháirgeadh. Dá bhrí sin, laghdaítear an méid acmhainní nádúrtha a úsáidtear, an lorg éiceolaíoch agus an fuinneamh a ídítear sa mhonaraíocht."

Topaic Saoránach 1.6 : Saoránaigh a bheith rannpháirteach

ANAILÍS topaice

Thug saoránaigh le fios go bhféadfaí oideachas níos mó a chur ar dhaoine agus réitigh agus tacaíocht fhéideartha a thabhairt dóibh ionas gur féidir leo roghanna a dhéanamh atá níos measúla don chomhshaol (e.g. athchúrsáil, a dtithe a insliú chun níos lú fuinnimh a ídiú).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Жаклин, 0 formhuiniú

'Is é is aidhm dó sin a bheith níos eolaí ar bheartais fuinnimh agus ar an gcaoi ar cheart dúinn dul ar aghaidh i gcás géarchéime i réimse an fhuinnimh mar atá againn faoi láthair. Is maith an rud é iadsan a ndéanann an ghéarchéim fuinnimh difear go díreach dóibh a bheith rannpháirteach.

Атанас, aon fhormhuiniú amháin

'Mar ba cheart don Aontas bardais a spreagadh chun go mbeidh daoine óga páirteach go háitiúil i saol na mbardas.'

GNÉ 2: IARFHEISTIÚ FUINNIMH

Topaic Saoránach 2.1 : Beart comhchoiteann a dhéanamh

ANAILÍS topaice

Chun bearta iarfheistithe fuinnimh a chur chun feidhme go héifeachtúil, tugann saoránaigh le fios gur gá do rialtais, do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair oibriú le chéile. Ní mór d'údaráis phoiblí an t-eolas is gá a chur ar fáil do dhaoine chun go mbeidh siad in ann ídiú ar bhealach níos fearr agus níos inbhuanaithe. Mar sin féin, tugtar le fios freisin gur faoi shaoránaigh aonair atá sé gníomhú go hinbhuanaithe agus iad siúd timpeall orthu a spreagadh chun nósanna a athrú (e.g. trína dtithe a athchóiriú agus labhairt le comharsana chun iad a spreagadh an rud céanna a dhéanamh).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Matej, cúig fhormhuiniú

'Ní mór do rialtais, do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair oibriú le chéile chun bearta a chur chun feidhme.'

Anthony, seacht bhformhuiniú

'Baineann éifeachtúlacht fuinnimh le pobal agus le beart comhchoiteann go páirteach, ba cheart go spreagfadh nithe a dhéantar chun éifeachtúlacht agus iarfheistiú a chur chun cinn pobail ionas gur féidir le daoine oibriú le chéile agus dul i gcion ar dhaoine eile ina gcomharsanacht.'

Topaic Saoránach 2.2 : Próisis a shimpliú

ANAILÍS topaice

Ní mór d'údaráis phoiblí an próiseas iarfheistithe fuinnimh a dhéanamh níos neamh-mhaorlathaí agus níos éasca le rochtain (e.g. chun painéil fhótavoltacha a shuiteáil). Ní mór dóibh freisin na saoránaigh a chur ar an eolas faoi na féidearthachtaí atá ar fáil dóibh, ionas gur féidir leo na próisis is gá a thionscnamh. Go háirithe, ba cheart dóibh an 'deimhniú bán' a chur i dtábhacht, scéim

dreasachta chun daoine a spreagadh chun beart a dhéanamh agus tomhaltas fuinnimh a laghdú.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Danielle, trí fhormhuiniú

'An próiseas formheasa agus údaraithe maidir le suiteáil córas fótavoltach a shimpliú agus dlús a chur leis. Is féidir é sin a bhaint amach trí cheanglais rialála a shimpliú agus tríd an maorlathas a bhaineann le hiarratais ar cheadanna tógála a laghdú.'

Agnieszka, aon fhormhuiniú amháin

'Ar leibhéal institiúidí an Aontais, ba cheart réiteach reachtach a chur i bhfeidhm lena bhfuiltear in ann cláir a sheoladh ar bhealach tapa simplithe lena dtacaítear le héifeachtúlacht fuinnimh le haghaidh catagóirí éagsúla tithíochta ar bhonn ioncaim, ionas go spreagfaidh údaráis áitiúla, gan beann ar a dtosaíochtaí, gníomhaíochtaí den sórt sin i ngach ceantar.'

Topaic Saoránach 2.3 : An comhrac in aghaidh foirgnimh atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de

ANAILÍS topaice

Thug saoránaigh le fios freisin nach mór líon méadaitheach foirgneamh atá níos neamhéifeachtúla ó thaobh fuinnimh de a chinntiú. Ina theannta sin, ba cheart fuinneamh a stóráil ar bhealach níos éifeachtúla. Ní mór bearta is gá a dhéanamh, mar shampla athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana (tithe príobháideacha, áiteanna poiblí) chun nach mbeidh siad chomh dian ar fhuinneamh (e.g. trí athinsliú a dhéanamh), foirgnimh nua a insliú ar bhealach níos fearr ionas go mbeidh níos lú fuinnimh ag teastáil uathu agus níos mó dromchlaí a úsáid chun fuinneamh a tháirgeadh (e.g. díonta folmha carrchlóis le haghaidh grianphainéal).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Etienne, trí fhormhuiniú

'Úsáid cheart a bhaint as limistéir uirbeacha – go leor spásanna páirceála, díonta foirgneamh poiblí, etc. D'fhéadfaí na limistéir sin a úsáid chun na foirgnimh Autark sin a chumhachtú (Disneyland Paris mar mhúnla)."

Alberto, aon fhormhuiniú amháin

'Táimid ag féachaint ar an gcaoi a mbeidh Córas na nDeimhnithe Bána, a cuireadh chun feidhme inár dtír le déanaí (ach atá bunaithe i dtíortha eile cheana an Fhrainc agus an Iodáil mar shampla), ríthábhachtach chun borradh a chur faoi Fhuinneamh. Éifeachtúlacht agus Forbairt Inbhuanaithe ar fud na n-earnálacha uile (Tionscal, Seirbhísí, Cónaithe agus Iompar).'

GNÉ 3: TRÁCHT AGUS SOGHLUAISTEACHT BHOG

Topaic Saoránach 3.1 : Iompar inbhuanaithe a spreagadh

ANAILÍS topaice

Tá an gá ag saoránaigh daoine a spreagadh chun cineálacha iompair atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a úsáid trí roghanna malartacha éifeachtúla a chur ar fáil: trí phraghas an iompair phoiblí a ísliú (e.g. an ticéad bliantúil iompair phoiblí le haghaidh séasúr a laghdú i gcathracha móra, nó turas traenach a dhéanamh níos saoire ná turas eitleáin), chomh maith le daoine a spreagadh chun níos mó cineálacha iompair neamhthruaillitheacha a úsáid, mar shampla rothair (níos mó raonta rothar a fhorbairt, go háirithe i gcathracha móra).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

João, trí fhormhuiniú

'Cineálacha iompair níos inbhuanaithe a roghnú, úsáid a bhaint as iompar poiblí (praghsanna níos ísle agus níos costéifeachtaí is gá le haghaidh an tsaoránaigh) nó gluaisteáin leictreacha (feachtais thairbheacha aisghlactha).'

Marilina, dhá fhormhuiniú

'Ba cheart go n-éireodh an t-iompar poiblí i bhfad níos tábhachtaí, toisc go gcuidíonn sé leis an ngéarchéim fuinnimh a chomhrac, le trácht a laghdú, agus le mórfhadhbanna eile atá ann ar fud an domhain a mhaolú.'

Topaic Saoránach 3.2 : Tacú le hiompar leictreach

ANAILÍS topaice

Thug rannpháirtithe le fios gur gá tionscal an iompair leictrigh a fhorbairt: trí leathnú an iompair phoiblí leictrigh a spreagadh i gcathracha chun astaíochtaí a laghdú (e.g. trí úsáid busanna tralaí i gcathracha a chur chun cinn) ach freisin trí dhaoine a spreagadh chun gluaisteáin leictreacha a cheannach, trí infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí a tháirgeann gluaisteáin leictreacha, trí fhóirdheontais a sholáthar agus trí stáisiúin athluchtaithe a chur ar fáil go forleathan.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Jose, aon fhormhuiniú amháin

'Sílim gur cheart iompar poiblí i gcathracha a bheith go hiomlán leictreach toisc nach mbíonn taisteal fad-achair i gceist agus nach gá a bheith buartha faoi áit a aimsiú chun iad a luchtú.'

Franziska, 0 formhuiniú

'Chun úsáid mhéadaithe carranna leictreacha a spreagadh i gcathracha agus i mbailte beaga araon, ní mór an bonneagar luchtaithe lena n-aghaidh a leathnú agus feabhas a chur air.'

Topaic Saoránach 3.3 : Modhanna nua iompair a chur in ionad modhanna iompair a thruaillíonn go mór

ANAILÍS topaice

Chun daoine a spreagadh úsáid a bhaint as modhanna iompair atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, thug saoránaigh le fios gur gá an pobal a spreagadh ar bhealach níos fearr. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí cháin a ghearradh ar mhodhanna iompair atá an-truaillitheach agus iad a ionadú (e.g. traenacha leictreacha a chur in ionad seantraenacha truaillitheacha), chomh maith le srianta sonracha a thabhairt isteach chun daoine a dhíspreagadh modhanna áirithe iompair a úsáid (e.g. teorainneacha a thabhairt isteach le haghaidh SUVanna i gceantair uirbeacha).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Juliette, aon fhormhuiniú amháin

'Tá iarrachtaí móra ar bun chun úsáid gluaisteán a laghdú agus feithiclí leictreacha a chur chun cinn. Bealach chun tionchar níos mó a imirt ar lorg fuinnimh na gcathracha agus na dtíortha a laghdú is ea an t-iompar poiblí a dhéanamh níos inmharthana agus níos saoire."

Victor, 26 fhormhuiniú

'Bíonn tionchar díreach ag meáchan agus méid feithicle ar ídiú breosla na feithicle, rud a chuireann le hídiú breosla iontaise agus le truailliú an chomhshaoil. Ní hamháin go bhfuil rátaí ídithe breosla níos airde ag SUVanna, a bhfuil cáil orthu mar gheall iad a bheith níos mó, rud a fhágann go mbíonn tionchar níos mó acu ar an athrú aeráide ach cuireann siad leis an mbrú tráchta agus leis na dúshláin a bhaineann le páirceáil i gceantair uirbeacha a bhfuil daonra mór iontu freisin. Leis seo, moltar machnamh a dhéanamh ar chánachas méadaithe ar SUVanna a chur chun feidhme, nó ar shrianta ar a n-úsáid laistigh de limistéir uirbeacha a fhiosrú.'

GNÉ 4: FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Topaic Saoránach 4.1 : Úsáid fuinnimh níos glaise

ANAILÍS topaice

Maidir le saoránaigh, is cosúil go bhfuil sé ríthábhachtach cineálacha éagsúla fuinnimh a chur chun cinn atá níos measúla don chomhshaol. Baineann sé sin le háiteanna poiblí agus le tithe príobháideacha araon: grianfhuinneamh (trí ghrianphainéil a shuiteáil a luaithe is féidir, mar shampla, ar dhíonta tithe), fuinneamh hiodrálach (trí ghléasraí cumhachta a fhorbairt chun hidrileictreachas neodrach ó thaobh C02 de a tháirgeadh), fuinneamh gaoithe (trí thuirbíní gaoithe a dhéanamh agus a shuiteáil) agus trí níos mó gléasraí cumhachta núicléiche a bhunú ar deireadh. Ar deireadh, tugadh le fios go mbeadh orainn córas athdháilte fuinnimh a chur ar bun chun a chinntiú nach mbeidh aon chaillteanas ann, agus gur féidir leo siúd nach bhfuil rochtain acu ar na foinsí fuinnimh sin fuinneamh glan a úsáid fós.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Hans-Werner , 0 formhuiniú

'Is ann don fhuinneamh agus is féidir é a chlaochlú ar a mhéad. 2. Is fuinneamh príomhúil iad an grianfhuinneamh agus fuinneamh núicléach. Déanann an dúlra agus daoine fuinneamh tánaisteach de. Níor cheart gléasraí cumhachta núicléiche a mhúchadh, ní mór an fuinneamh sábháilte a chinntiú.'

Ben, 0 formhuiniú

'Ní mór dúinn éirí as fuinneamh neamh-inathnuaite a úsáid agus aistriú chuig fuinneamh glan agus glas mar shampla muilte gaoithe agus grianphainéil. Níl an fuinneamh núicléach agus an fuinneamh carbóin glan go leor chun a mheas gur infheistíocht mhaith san fhadtéarma é.'

Topaic Saoránach 4.2 : Maoiniú a chur ar leataobh chun fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn

ANAILÍS topaice

Maidir le saoránaigh, tá sé ríthábhachtach maoiniú tiomnaithe a chur ar bun chun fuinneamh in-athnuaite a fhorbairt, go háirithe i gceantair thuaithe. Tugadh le fios gurb é an fuinneamh glas an bealach chun cinn sa todhchaí. Meastar go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh rochtain ag gach saoránach, is cuma cén acmhainn atá aige, orthu.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Andre, 0 formhuiniú

'I sráidbhailte agus cathracha beaga faoin tuath, is beag fuinneamh in-athnuaite is féidir linn a úsáid mar gheall ar easpa caipitil agus forbartha.'

Roberts, aon fhormhuiniú amháin

'Gan aon mhaoiniú le haghaidh mianadóireacht leictreachais inbhuanaithe. Easpa córais ina bhféadfá maoiniú a fháil go díreach ón Aontas, seachas trí rialtais áitiúla a éilíonn riachtanais áiféiseacha.'

Topaic Saoránach 4.3 : Dramhaíl a athúsáid

ANAILÍS topaice

Cuireann rannpháirtithe i dtábhacht go bhfuil sé tábhachtach córas cuimsitheach bainistithe dramhaíola a chur ar bun chun an líon láithreán líonta talún a laghdú. D'fhéadfaí fuinneamh a aisghabháil ó dhramhaíl ansin, mar shampla trí bhithghás a tháirgeadh ó dhramhaíl bhia.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Laura, aon fhormhuiniú amháin

'Ní mór dúinn díriú ar an bhfoinse fuinnimh, tús áite a thabhairt d'fhuinneamh in-athnuaite agus iarracht a dhéanamh dramhaíl a íoslaghdú.'

Zeynep, 0 formhuiniú

'Chun líonadh talún san Aontas a laghdú, molaim córas cuimsitheach bainistithe dramhaíola a chur chun feidhme a bheidh dírithe ar athchúrsáil agus ar mhúiríniú. Chuimseofaí sa chóras sin dreasachtaí do ghnólachtaí agus do theaghlaigh chun giniúint dramhaíola a laghdú, chomh maith le rialacháin dhiana maidir le diúscairt líonta talún. Ina theannta sin, trí infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí nuálacha chun dramhaíl a thiontú go fuinneamh, d'fhéadfaí an méid dramhaíola a chríochnaíonn i láithreáin líonta talún a íoslaghdú a thuilleadh.'

GNÉ 5: TACAÍOCHT AGUS FÓIRDHEONTAIS

Topaic Saoránach 5.1 : Fóirdheontais a chur chun feidhme agus dianchaighdeáin a fhorfheidhmiú

ANAILÍS topaice

Deir saoránaigh go gcaithfidh údaráis phoiblí noirm agus oibleagáidí a thabhairt isteach chun daoine a spreagadh dul i mbun tógála ar bhealach níos measúla (e.g. noirm chun athchóiriú seanfhoirgneamh a spreagadh, nó chun tógáil foirgneamh nua a rialáil).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Matej, ceithre fhormhuiniú

'Fóirdheontais a sholáthar d'insliú agus teach teaghlaigh níos sine a cheannach, foinsí fuinnimh in-athnuaite d'athchóiriú cuimsitheach ar thithe. Úsáid fuinnimh ar bhealach níos éifeachtúla.'

Monica, ceithre fhormhuiniú

'Is féidir le rialtais rialacha diana uirbeacha agus tógála a chur chun feidhme freisin roimh 2030 lena n-gcinntítear go gcomhlíonann foirgnimh nua nó

athchóiriú ar sheanfhoirgnimh caighdeáin áirithe éifeachtúlachta fuinnimh. Chuimseofaí iontu sin gnéithe mar insliú iomchuí, fuinneoga fuinneamhéifeachtúla, soilsiú agus córais téimh. Ina theannta sin, is féidir a chur chun feidhme go dtabharfaí córas cliste isteach i bhfoirgnimh nua ar bhonn éigeantach, agus is féidir tairbhiú de tháillí laghdaithe maidir le foirgnimh ghlasa.'

Topaic Saoránach 5.2 : Tomhaltas níos freagraí a spreagadh

ANAILÍS topaice

Tá saoránaigh ag iarraidh go gcuirfí córas *bonus/malus* chun feidhme chun tomhaltas níos éifeachtúla a spreagadh agus chun úsáid iomarcach fuinnimh a dhíspreagadh. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh go háirithe trí cháin níos mó a ghearradh ar tháirgí áirithe ná táirgí eile (earraí allmhairithe mar shampla nó ar sheancharranna truaillitheacha atá in úsáid).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Arancha, aon fhormhuiniú amháin

'Ar an mbonn go bhfuilimid uile tiomanta don inbhuanaitheacht agus dár lorg carbóin a laghdú, fiafraím díom féin, conas a bheidh saoránaigh in ann a bhfeithiclí truaillitheacha a athrú má tá costas an-ard ag baint leis agus má tá an chabhair gann?'

Fabio, dhá fhormhuiniú

'Ní mór do tháirgeoir torthaí agus glasraí a úsáideann an fuinneamh céanna le táirgeoir deochanna alcólacha nó toitíní, níos lú a íoc, toisc go bhfuil a tháirge níos úsáidí don tsochaí nó, ar shlí eile, go bhfuil táirgí mar toitíní agus alcól díobhálach.'

Topaic Saoránach 5.3 : Infheistíocht a dhéanamh chun tomhaltas fuinnimh éagsúil a spreagadh

ANAILÍS topaice

Cuireann na saoránaigh i dtábhacht gur cheart d'údaráis phoiblí daoine a spreagadh tomhaltas a dhéanamh ar bhealach éagsúil trí infheistíocht i dtionscnaimh éiceolaíocha (e.g. trí shárluchtairí a shuiteáil i bhfoirgnimh nua

chomhchoiteanna agus aonair chun daoine a spreagadh gluaisteáin leictreacha a cheannach).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Claude, cúig fhormhuiniú

'Bheadh sé ábhartha anois stáisiúin luchtaithe a shuiteáil i bhfoirgnimh nua in eastáit réadaigh aonair nó chomhchoiteann nua. D'fhéadfadh na húdaráis phoiblí na críochfoirt a chumhdach nó a fhóirdheonú i bpáirt.'

Jose, aon fhormhuiniú amháin

'Tá tú i gcruachás má cheannaíonn tú carr leictreach sa lá atá inniu ann. Níl aon áit ag an gcuid is mó dínn chun é a athluchtú. Páirceáiltear carranna ar bhóithre poiblí sa Spáinn san oíche agus dá bhrí sin tá sé dodhéanta luchtú a dhéanamh san oíche. Níl raon na bhfeithiclí sin sásúil go leor. Tá an t-athluchtú mall agus costasach ó thaobh ama agus taistil de.'

GNÉ 6: FUINNEAMH GLAS A THÁIRGEADH AGUS A STÓRÁIL

Topaic Saoránach 6.1 : Feabhas a chur ar úsáid agus stóráil fuinnimh ghlais

ANAILÍS topaice

Thug na saoránaigh le fios go bhféadfaí éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr a bhaint amach trí fhoghlaim conas fuinneamh a tháirgeadh ó fhoinsí nua, gluaiseacht mar shampla (e.g., tríd an bhfuinneamh a tháirgtear in ionaid aclaíochta a aisghabháil), nó gluaisteáin leictreacha (trí mhodúl a chur ar a ndíonta chun grianfhuinneamh a chlaochlú). Dúradh freisin gur gá dúinn foghlaim conas fuinneamh a stóráil ar bhealach níos fearr i bhfoirm dhí-ábharaithe (i gceallraí, mar shampla), seachas bonneagair chostasacha a ídíonn fuinneamh a chruthú.

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Léo, dhá fhormhuiniú

'Modúil ghréine a chomhtháthú i bhfeithiclí le haghaidh réigiúin ghrianmhara chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.'

Roelof, ceithre fhormhuiniú

'Tugann stóráil dhíláraithe mar hidrigin, amóinia, fuinneamh cinéiteach nó ceallraí réiteach go teicniúil agus go straitéiseach (cur isteach).'

GNÉ 7: DLÚTHPHÁIRTÍOCHT

Topaic Saoránach 7.1 : An dlúthpháirtíocht a léiriú mar fhreagairt ar ghéarchéim

ANAILÍS topaice

Tá gá le freagairt chomhchoiteann ar an ngéarchéim éiceolaíoch ionas nach gcoinneofar tionscnaimh éiceolaíocha do chuid den daonra amháin ach go mbeidh rochtain ag gach duine orthu. Thug na saoránaigh le fios freisin nach mór don Aontas Eorpach agus do na húdaráis phoiblí tacú leis na daoine is boichte agus leis na daoine is óige sa daonra ionas go mbeidh rochtain acu ar thionscnaimh éiceolaíocha níos costasaí (e.g. fóirdheontais chun suiteáil grianphainéal a spreagadh, gluaisteáin leictreacha a cheannach, billí leictreachais na mac léinn a laghdú trí rátaí do ghnáth-theaghlaigh a choigeartú).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Effie, aon fhormhuiniú amháin

'Tá na bearta coigiltis uile atá ar fáil do go leor saoránach (is boichte) caite acu cheana. Ba cheart don Aontas díriú ar fhéinghiniúint do theaghlaigh bhochta agus mheánmhéide. Treoirlínte diana a thabhairt isteach le haghaidh Ballstát chun tús áite a thabhairt d'fhéintáirgeadh teaghlach.'

Anthony, seacht bhformhuiniú

'Baineann éifeachtúlacht fuinnimh le pobal agus le beart comhchoiteann go páirteach, ba cheart go spreagfadh nithe a dhéantar chun éifeachtúlacht agus iarfheistiú a chur chun cinn pobail ionas gur féidir le daoine oibriú le chéile agus dul i gcion ar dhaoine eile ina gcomharsanacht.'

GNÉ 8: TÉAMH

Topaic Saoránach 8.1 : Córais téimh a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla

ANAILÍS topaice

De réir na rannpháirtithe, tá sé tábhachtach rialacha seasta a chur i bhfeidhm ar bhealach níos fearr agus moltaí a thabhairt maidir le téamh. Sheachnófaí leis sin úsáid neamhéifeachtúil córas téimh a mbeadh róthomhaltas mar thoradh uirthi (e.g. tá go leor dlíthe, caighdeán agus moltaí ann cheana maidir le húsáid córas téimh agus chuideofaí le fearais rómhóra, droch-chothabháil nó drochrialú córas a sheachaint). Thairis sin, is cosúil gur gá córais téimh ísealfhuinnimh a athnuachan (e.g. córais aeraiteirmeacha, gheoiteirmeacha, bhithmhais).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Alin, trí fhormhuiniú

'Ar bhonn taithí, is beag úsáid a bhaintear as go leor córas téimh agus aerchóirithe mar gheall ar rómhéid, easpa cothabhála nó stiúrtha. Is minic a bhaintear idir 10 % agus 15 % de choigilteas fuinnimh amach gan infheistíocht a dhéanamh, gan beann ar an bhfuinneamh a úsáidtear. Mar sin féin, tá go leor uirlisí ann (reachtach, normatach, treoracha, moltaí, comhairle,...) ach níltear á gcur i bhfeidhm go córasach. Cuirimis na rialacha sin i bhfeidhm i gceart.'

Ana Maria, ceithre fhormhuiniú

'Fearais ag a bhfuil rátáil fuinnimh níos éifeachtúla. Córais téimh atá bunaithe ar fhuinneamh in-athnuaite: córais aeraiteirmeacha, gheoiteirmeacha, bhithmhais.'

Topaic Saoránach 8.2 : Réitigh maidir le téamh ceantair a chur chun feidhme

ANAILÍS topaice

Tugann rannpháirtithe le fios go bhfuil sé tábhachtach costais agus speansais fuinnimh a laghdú trí chóras téimh ceantair a chur ar bun, i gcás inar féidir. Bheifí in ann comharsanacht, baile nó limistéar níos leithne a théamh (e.g. trí phíopaí faoi thalamh a úsáid le haghaidh téamh agus fuarú inbhuanaithe nó trí theaschaidéil éifeachtúla a chur in ionad coirí).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Federico, naoi bhformhuiniú

'Réitigh maidir le téamh ceantair a chur chun feidhme i gcás inar féidir.'

Ingrid, 0 formhuiniú

'Mar sin, fágann an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise go n-athraítear go teaschaidéil ar dtús, lena gcuimsítear radaitheoirí níos mó chun an teocht sreafa a laghdú agus feabhas a chur ar rialú an chórais. Is féidir 15 000 kWh de ghás nádúrtha ar phraghas réasúnta a thiontú ina 3 200 kWh leictreachais.'

GNÉ 9: Soilsiú

Topaic Saoránach 9.1 : Nósanna soilsithe a athrú

ANAILÍS topaice

Thug rannpháirtithe le fios go bhféadfaí feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar shoilsiú i bhfoirgnimh phoiblí agus i dtithe poiblí. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh tríd an gcaoi a gcuirtear lampaí agus córais soilsithe ar bun agus a n-úsáidtear iad a athrú (e.g. úsáid LED ísealfhuinnimh nó fuinneoga dín nádúrtha a ghinearálú). Is iad na samplaí eile a luadh stop a chur le húsáid lampaí gealbhruthacha agus soilse a mhúchadh in áiteanna poiblí san oíche chun leictreachas a shábháil.)

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Ana Maria, ceithre fhormhuiniú

'Caithfear feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus soilsiú i dtithe: bolgáin LED nó fuinneoga dín nádúrtha a úsáid.'

Haoyue, 0 formhuiniú

'Is léir dom anois nach múchtar go leor bolgán solais in áiteanna poiblí. Iarraim ar gach duine na soilse a mhúchadh san oíche chun leictreachas a shábháil.'

GNÉ 10: SPÁSANNA GLASA AGUS MEASÚLA

Topaic Saoránach 10.1 : Aird a thabhairt ar thírdhreacha

1. **Meas ar thírdhreacha**

ANAILÍS topaice

Tugann rannpháirtithe le fios gur gá leanúint d'úsáid a bhaint as fuinneamh glas. Mar sin féin, tarraingítear anuas nach mór é sin a dhéanamh ar bhealach nach mbeidh tionchar aige ar thírdhreacha (e.g. trí shuiteáil tuirbíní gaoithe a ghinearálú).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Stefano, dhá fhormhuiniú

'Tá an t-aistriú fuinnimh ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide. Mar sin féin, ní féidir aon aistriú fuinnimh a fhorchur. Ní féidir láithreacht feirmeacha gaoithe nó gléasraí fótavoltacha sa tírdhreach a fhorchur i gcás nár chuir saoránaigh agus bailte féin in iúl go mbeadh fáilte acu roimh na bonneagair sin. Tá sé ríthábhachtach Coinbhinsiún Aarhus a urramú, a bhfuil na tíortha Eorpacha agus an tAontas Eorpach féin ina bpáirtithe ann.'

Topaic Saoránach 10.2 : Cathracha glasa

ANAILÍS topaice

An smaoineamh atá ag saoránaigh cathracha níos glaise a chruthú, teochtaí a laghdú agus, ar an gcaoi sin, an téamh domhanda a chomhrac (e.g. chinn roinnt cathracha go leor crann a chur, rud a chuir ar a gcumas an teas a laghdú cúpla céim le linn tonnta teasa) ach leas a bhaint as roinnt áiteanna chun crainn a chur freisin (e.g. díonta nár úsáideadh i gcathracha).

Léiriú ar AIGHNEACHTAÍ

Federico, naoi bhformhuiniú

'Stroighin /coincréit a laghdú go mór ar shráideanna agus in áiteanna i gcathracha, féar agus crainn a chur ina ionad sin chun an téamh cathrach agus úsáid gléasanna fuaraithe a laghdú (go háirithe sa samhradh).'

Charline, 0 formhuiniú

'Is mian liom go mbeadh níos mó cúinní dúlra sa chathair, chun análú, agus truailliú a ghabháil mar shampla agus mar áit chun dul ar chúl na gréine.'

5. CONCLÚIDÍ

Ba gharsprioc thábhachtach é Ardán Rannpháirtíochta na Saoránach maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh chun **rannpháirtíocht ilteangach saoránach** ar líne a chumasú ar an leibhéal Eorpach. Mar a leagtar amach thuas, chuir sé go mór leis an tuiscint ar an **bhfís chomhchoiteann chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh** ar fud an Aontais, le linn na tréimhse comhairliúcháin, ón 15 Feabhra go dtí an 31 Bealtaine 2024. Cuireadh leis an idirphlé trí na haighneachtaí ar líne a chomhcheangal le plé an phainéil saoránach, cinntíodh gur cuireadh dearcthaí éagsúla san áireamh agus na léargais deiridh á múnlú.

Léirigh an próiseas rannpháirtíochta **ailíniú láidir i measc na rannpháirtithe maidir le roinnt croíghnéithe:** feasacht, iarfheistiú fuinnimh, trácht agus soghluaisteacht, fuinneamh in-athnuaite, tacaíocht agus fóirdheontais, úsáid agus táirgeadh agus stóráil fuinnimh ghlais, dlúthpháirtíocht, téamh, soilsiú, agus spásanna glasa. Chuir saoránaigh i dtábhacht an gá atá le **réitigh phraiticiúla faoi thionchar an phobail** mar aon le **hathruithe sistéamacha**. Cuimsítear sna príomhthéamaí a tháinig chun cinn an gá atá le próisis shimplithe le haghaidh iarfheistiú fuinnimh, infheistíocht phoiblí níos mó san fhuinneamh in-athnuaite, agus an bonneagar iompair leictrigh a leathnú.

Go hachomair, ní hamháin gur léiríodh réimse leathan smaointe agus moltaí ó shaoránaigh Eorpacha sa chomhairliúchán seo ach **treisíodh freisin an gá atá le cur chuige aontaithe atá dírithe ar ghníomhaíocht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh**. Cé go bhfuil dul chun cinn teicneolaíoch agus creataí rialála ríthábhachtach do rannpháirtithe, is léir go bhfuil buntábhacht fós le rannpháirtíocht agus cumasú na saoránach chun spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach san fhadtéarma.

Tá sé tábhachtach a chur i dtábhacht nach féidir a mheas go bhfuil na torthaí a phléitear thuas ionadaíoch. Mar sin féin, ligeann siad do **smaointe nua** ar thaobh amháin, agus **tuiscint agus braistint ghinearálta ar thosaíochtaí na saoránach** ar an taobh eile. De réir mar a théann an Eoraip chun cinn le héifeachtúlacht fuinnimh, is féidir leis na léargais sin a bheith lárnach chun beartais nach amháin atá éifeachtach ach **a dtacaíonn an pobal go forleathan leo** freisin, a mhúnlú. Chinnteofaí leis sin go mbeadh an t-aistriú chuig Eoraip níos fuinneamhéifeachtúla cuimsitheach agus inbhuanaithe araon.